C/2026/3961

24.7.2026

Glao ar thograí (Uimh. IX-2027/02)

‘DEONTAIS DO FHONDÚIREACHTAÍ POLAITIÚLA EORPACHA’

(C/2026/3961)

CLÁR AN ÁBHAIR

Leathanach

A. Réamhrá agus creat dlíthiúil 2

B. Cuspóir an ghlao 3

C. Cuspóir, catagóir agus foirm an chistithe 3

D. An buiséad atá ar fáil 3

E. Ceanglais maidir le h-inghlacthacht iarratais ar Chistiú 3

F. Critéir chun iarratais ar chistiú a mheas 4

F.1. Critéir eisiaimh 4

F.2. Critéir incháilitheachta 4

F.3. Critéir roghnúcháin 4

F.4. Critéir dámhachtana agus dáileadh cistiúcháin 4

G. Rialú comhroinnte idir Parlaimint na hEorpa agus an tÚdarás 5

H. Téarmaí agus coinníollacha 5

I. Tréimhsí ama 6

J. Sonraí pearsanta a Nochtadh agus a Phróiseáil 6

K. FAISNÉIS EILE 6

IARSCRÍBHINN - AN FHOIRM IARRATAIS AR CHISTIÚ 7

A. RÉAMHRÁ AGUS CREAT DLÍTHIÚIL

1. Foráiltear le hAirteagal 10(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach go 'rannchuidíonn páirtithe polaitiúla ar leibhéal Eorpach le feasacht pholaitiúil Eorpach a fhoirmiú agus le toil shaoránaigh an Aontais a chur in iúl'.

2. I gcomhréir le hAirteagal 224 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, leagann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle síos na rialacháin lena rialaítear páirtithe polaitiúla ar an leibhéal Eorpach agus go sonrach na rialacha a bhaineann lena gcistiú. Leagtar síos na rialacha sin i Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

3. De bhun Airteagal 2(6) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445, is éard is fondúireacht pholaitiúil Eorpach ann eintiteas atá cleamhnaithe go foirmiúil le páirtí polaitiúil Eorpach, atá cláraithe leis an Údarás um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus um Fhondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha ('an tÚdarás') i gcomhréir leis an Rialachán seo, agus a chuireann taca faoi chuspóirí an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh agus a chomhlánaíonn iad trína ghníomhaíochtaí agus laistigh de na haidhmeanna agus na luachanna bunúsacha atá á saothrú ag an Aontas, trí thascanna socraithe a dhéanamh.

4. De bhun Airteagal 22(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445, féadfaidh fondúireacht pholaitiúil Eorpach atá cleamhnaithe le páirtí polaitiúil Eorpach atá incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar chistiú faoi Airteagal 22(1) den Rialachán, agus atá cláraithe i gcomhréir leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos sa Rialachán, agus nach bhfuil i gceann de na staideanna eisiaimh dá dtagraítear in Airteagal 138(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa ([2])('an Rialachán Airgeadais'), iarratas a dhéanamh ar chistiú ó bhuiséad ginearálta an Aontais, i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha arna bhfoilsiú ag Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa i nglao ar thograí.

5. Dá bhrí sin, tá an glao seo ar thograí á sheoladh ag Parlaimint na hEorpa d'fhonn deontais a bhronnadh ar fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ('glao') don bhliain airgeadais 2027.

6. Sainítear an creat bunúsach dlí sna gníomhartha dlíthiúla seo a leanas:

   (a) Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445

   (b) Cinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 6 Iúil 2026 ([3]) ('Cinneadh ón mBiúró an 6 Iúil 2026');

   (c) Rialachán Airgeadais;

   (d) Rialachán Tarmligthe (AE, Euratom) 2015/2401 ón gCoimisiún ([4]);

   (e) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2246 ón gCoimisiún ([5]);

   (f) Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa ([6]).

([1]) Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2025 maidir le reacht agus cistiú fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha (IO L 295, 8.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2445/oj).

([2]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI:http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

([3]) Cinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 6 Iúil 2026 lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha agus lena n-aisgheartar Cinneadh ó Bhiúó Pharlaimint na hEorpa an 1 Iúil 2019 (IO, C/2026/3956, 23.7.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/3956/oj).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE, Euratom) 2015/2401 ón gCoimisiún an 2 Deireadh Fómhair 2015 maidir le hinneachar agus feidhmiú Chlár na bpáirtithe agus na bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha (IO L 333, 19.12.2015. lch 50, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2015/2401/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2246 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2015 maidir le forálacha mionsonraithe i ndáil leis an uimhirchóras clárúcháin is infheidhme i ndáil le clár na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha agus na bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha agus le faisnéis arna soláthar ag sleachta caighdeánacha ón gclár (IO L 318, 4.12.2015, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2246/oj).

([6]) Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa: https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/RULES-10-2025-01-20-TOC_GA.html.

B. CUSPÓIR AN GHLAO

7. Is éard is cuspóir don ghlao seo ná cuireadh a thabhairt d'fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cláraithe iarratais ar chistiú ó bhuiséad an Aontais ('iarratais ar chistiú') a chur isteach agus cineál na gcostas incháilithe a chinneadh agus Airteagal 30(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 agus Airteagal 197(1) den Rialachán Airgeadais á gcur i bhfeidhm.

C. CUSPÓIR, CATAGÓIR AGUS FOIRM AN CHISTITHE

8. Is éard is cuspóir don chistiú ná tacú le clár oibre na bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha don bhliain airgeadais ón 1 Eanáir 2027 go dtí an 31 Nollaig 2027 faoi na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar amach sa chomhaontú deontais atá le tabhairt i gcrích idir an páirtí polaitiúil Eorpach tairbhíoch agus Parlaimint na hEorpa.

9. Is é catagóir an chistithe ná deontas d'fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, de bhun Theideal VIII den Rialachán Airgeadais ('deontas').

10. Is é an t-uasmhéid cistiúcháin shealadaigh ná an méid is ísle idir:

(a) an méid a iarrann an fhondúireacht san iarratas ar chistiú, méid nach sáróidh 95 % de na costais incháilithe iomlána arna gcur i láthair sa bhuiséad measta, agus

(b) an méid a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445.

11. Beidh méid deiridh an chistithe teoranta don mhéid faoi mhír 10. Ní rachaidh sé thar 95 % de na costais incháilithe a tabhaíodh iarbhír.

D. AN BUISÉAD ATÁ AR FÁIL

12. Is ionann an cistiú atá beartaithe don bhliain airgeadais 2027 faoi Airteagal 403 de bhuiséad Pharlaimint na hEorpa maidir le 'Cistiú fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha' agus EUR 26 500 000 arna mholadh i réamhdhréacht mheastacháin Pharlaimint na hEorpa. Bunóidh an t-údarás buiséadach na leithreasuithe atá le dáileadh sa bhuiséad faofa deiridh don bhliain 2027.

E. CEANGLAIS MAIDIR LE H-INGHLACTHACHT IARRATAIS AR CHISTIÚ

13. Beidh iarratais ar chistiú inghlactha más rud é:

a) go gcuirtear isteach iad i scríbhinn ag úsáid foirm iarratais um chistiú atá i gceangal leis an nglao seo in éineacht leis na doiciméid tacaíochta go léir a éilítear iontu;

b) go bhfuil gealltanas iontu, arna chur in iúl i scríbhinn tríd an dearbhú a shíniú i dtaobh théarmaí agus coinníollacha ginearálta chomh maith leis na critéir eisiaimh a áirítear sa chomhad iarratais ar chistiú a luaitear faoi mhír 14;

(c) go bhfuil litir leo ó ionadaí dlíthiúil nó ó ionadaithe dlíthiúla lena ndeimhnítear an t-údarú chun oibleagáidí dlíthiúla a ghlacadh thar ceann an iarratasóra;

(d) go seoltar iad chuig Uachtarán Pharlaimint na hEorpa **faoin 30 Meán Fómhair 2026**, mar chóip leictreonach nó mar bhunchóip leictreonach (ina bhfuil síniú leictreonach cáilithe [7]) chuig an mbosca ríomhphoist feidhmiúil seo a leanas: fin.part.fond.pol@europarl.europa.eu trí ardán CoFile a úsáid [8]. Ní mór doiciméid tacaíochta a chur isteach i bhformáid ineagarthóireachta, táblaí in Excel más féidir.

[7] Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE, (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/910/oj).

[8] https://cofile.europarl.europa.eu/login; is féidir dintiúir chun rochtain a fháil a iarraidh trí ríomhphost chuig fin.part.fond.pol@europarl.europa.eu.

14. Iarrtar ar iarratasóirí úsáid a bhaint as an gcomhad iarratais ar chistiú ar shuíomh gréasáin Pharlaimint na hEorpa, agus na treoracha atá san áireamh ann a leanúint (https://www.europarl.europa.eu/contracts-and-grants/ga/list-of-notices/).

Más gá síniú, ní mór é a bheith ina shíniú lámhscríofa nó ina shíniú leictreonach cáilithe (QES), agus ní mór QES a bheith i gcomhréir leis an Rialachán maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe (Rialachán eIDAS) ([9]).

Déanfar na hiarratais ar chistiú a chur isteach go leictreonach; sa chás ina bhfuil sínithe lámhscríofa ar dhoiciméid áirithe, déanfaidh an t-iarratasóir aon doiciméad bunaidh a choimeád agus a thabhairt ar aird arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa.

F. CRITÉIR CHUN IARRATAIS AR CHISTIÚ A MHEAS

F.1 **Critéir eisiaimh**

15. Déanfar iarratasóirí a eisiamh ón nós imeachta cistiúcháin, más rud é go bhfuil siad:

(a) i gceann de na staideanna eisiaimh nó diúltaithe dá dtagraítear in Airteagal 138(1) nó in Airteagal 143(1) den Rialachán Airgeadais;

(b) cláraithe mar eintiteas eisiata sa bhunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 144 den Rialachán Airgeadais;

(c) faoi réir aon cheann de na smachtbhannaí dá bhforáiltear in Airteagal 32(1)(a), pointí (vii), (viii) agus (ix) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445.

F.2 **Critéir incháilitheachta**

16. Chun bheith incháilithe do chistiú ón Aontas, ní mór d'iarratasóirí na coinníollacha a leagtar síos in Airteagail 22 agus 23 de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 a chomhlíonadh, i.e. ní mór don iarratasóir

(a) a bheith cláraithe leis an Údarás i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445;

(b) a bheith cleamhnaithe le páirtí polaitiúil Eorpach cláraithe;

(c) na hoibleagáidí a liostaítear in Airteagal 28 de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2014 a chomhlíonadh, i.e. ní mór dó na ráitis airgeadais bhliantúla ([10]), an tuarascáil iniúchóireachta seachtrach agus liosta na ndeontóirí agus na rannchuiditheoirí, mar atá sonraithe ann, a bheith curtha isteach aige;

F.3 **Critéir roghnúcháin**

17. De bhun Airteagal 201(2) agus (3) den Rialachán Airgeadais, beidh foinsí cistiúcháin cobhsaí leordhóthanacha ag an iarratasóir chun a ghníomhaíocht a choinneáil ar bun ar feadh na tréimhse ar lena linn a dhámhtar an deontas agus chun páirt a ghlacadh ina chistiú ('acmhainneacht airgeadais') agus beidh na hinniúlachtaí gairmiúla agus na cáilíochtaí gairmiúla aige is gá chun an ghníomhaíocht nó an clár oibre atá beartaithe a chur i gcrích mura bhforáiltear a mhalairt go sonrach sa bhunghníomh ('acmhainneacht oibríochtúil').

F.4 **Critéir dámhachtana agus dáileadh cistiúcháin**

18. I gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445, déanfar na leithreasuithe faoi seach atá ar fáil a dháileadh go bliantúil. Dáilfear iad idir na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ar faomhadh a n-iarratais ar chistiú i bhfianaise na gcritéar incháilitheachta, eisiaimh agus roghnúcháin, mar seo a leanas:

(a) dáilfear 10 % ina scaireanna comhionanna idir na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha tairbhíocha;

(b) dáilfear 90 % idir na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha tairbhíocha i gcomhréir leis an sciar de chomhaltaí tofa Pharlaimint na hEorpa atá ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha tairbhíocha a bhfuil na hiarratasóirí cleamhnaithe leo.

([9]) Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.

([10]) Ach amháin mura raibh an t-iarratasóir faoi réir an rialaithe faoi Airteagal 28 de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 (mar shampla: fondúireachtaí nuachruthaithe).

G. RIALÚ COMHROINNTE IDIR PARLAIMINT NA hEorpa AGUS AN TÚDARÁS

19. Foráiltear le hAirteagal 29(1) agus (2) ([11]) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 do rialú comhroinnte idir Parlaimint na hEorpa agus an tÚdarás.

20. Cuirfidh Parlaimint na hEorpa na hiarratais ar chistiú ar aghaidh chuig an Údarás, chun go mbeidh an tÚdarás in ann rialú a dhéanamh maidir le comhlíonadh fhorálacha Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 a bhfuil sé inniúil ina leith.

21. Ag gach céim den nós imeachta don dámhachtain cistiúcháin, ceanglaítear ar iarratasóirí de bhun Airteagal 29(4) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 aon fhaisnéis is gá a sholáthar, arna iarraidh sin ag Oifigeach Údarúcháin de Pharlaimint na hEorpa nó den Údarás, go ndéana siad na deimhniúcháin a bhfuil siad freagrach astu faoin Rialachán agus san fhormáid a iarrtar.

H. TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA

22. Tá sé d'oibleagáid ar iarratasóirí Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas faoi aon athruithe maidir leis na doiciméid arna gcur isteach nó maidir le haon fhaisnéis dá dtagraítear san iarratas ar chistiú laistigh de choicís ón athrú sin. In éagmais fógra den sórt sin, féadfaidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa cinneadh a dhéanamh ar bhonn na faisnéise arna cur isteach, d'ainneoin aon fhaisnéis a sholáthrófaí ag céim níos déanaí nó a d'fhoilseofaí ar bhealaí eile.

23. Is ar an iarratasóir atá an dualgas a chruthú go leanann sé fós de na critéir maidir le cistiú a chomhlíonadh.

24. Leagtar síos na téarmaí agus na coinníollacha a mhéid a bhaineann le cistiú ón Aontas atá le dámhachtain faoin nglao seo in Iarscríbhinn 1b a ghabhann le Cinneadh ón mBiúró an 6 Iúil 2026 agus sonrófar iad sa chomhaontú deontais. Agus Airteagal 30(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 agus Airteagal 189(4) den Rialachán Airgeadais á gcur i bhfeidhm, leagtar síos leis an nglao seo téarmaí agus coinníollacha breise mar a leanas: ní mór do na costais atá le cumhdach leis an gcistiú arna dhámhachtain faoin nglao seo na ceanglais seo a leanas maidir le costais phearsanra a chomhlíonadh:

   (a) ba cheart na costais iomlána phearsanra a chomhordú go réasúnta i gcomparáid leis na costais oibríochtúla;

   (b) cuirtear an plean foirne in oiriúint do na riachtanais eagraíochtúla agus oibríochtúla;

   (c) is iad na comhlachtaí rialaithe iomchuí a dhéanann an cinneadh maidir le hearcú agus luach saothair, de réir reachtanna agus rialacha inmheánacha sonracha an tairbhí, bunaithe ar an dea-chleachtas agus ar phrionsabail ghinearálta amhail trédhearcacht, cóir chomhionann, easpa coinbhleachta leasa;

   d) cuirtear na meánrátaí ar an margadh fostaíochta ábhartha san áireamh sna rátaí luacha saothair agus sna sochair imeallacha eile (más ann dóibh).

25. Glacfaidh gach iarratasóir leis na téarmaí agus na coinníollacha dá dtagraítear i míreanna 22 go 24 a ghabhann leis an méid thuas, tríd an bhfoirm dearbhaithe atá san áireamh sa chomhad iarratais ar chistiú dá dtagraítear i mír 14 a shíniú.

([11]) Airteagal 29(1) agus (2) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 - Rialacha ginearálta maidir le rialú:
'1. Feidhmeoidh an tÚdarás, Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa agus na Ballstáit inniúla, i gcomhar lena chéile, rialú ar na hoibleagáidí atá orthu faoin Rialachán seo a bheith á gcomhlíonadh ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha.
2. Déanfaidh an tÚdarás rialú ar a oibleagáidí faoin Rialachán seo a bheith á gcomhlíonadh ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, go háirithe maidir le hAirteagal 3, Airteagal 4(1), pointí (a), (b), (d), (e) agus (f), Airteagal 4(3), Airteagal 5, Airteagal 6(1), pointí (a) go (e), (g) agus (k), Airteagal 11(5) agus (6), agus Airteagail 25, 26 agus 27.
Déanfaidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa rialú ar na hoibleagáidí a bhaineann le cistiú ón Aontas faoin Rialachán seo agus faoi Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 a bheith á gcomhlíonadh ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha. Agus na rialuithe sin á ndéanamh, déanfaidh Parlaimint na hEorpa na bearta is gá sna réimsí a bhaineann le calaois a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chosc agus a chomhrac.'

I. TRÉIMHSÍ AMA

26. Is é an **30 Meán Fómhair 2026** an spriocdháta chun na hiarratais ar chistiú a chur isteach.

27. Glacfaidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa cinneadh laistigh de thrí mhí tar éis dhúnadh an ghlao ar thograí. Tar éis an chinnidh sin, cuirfear cinntí aonair arna síniú ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa in iúl do na hiarratasóirí.

28. Táthar ag súil go bhfaighidh na hiarratasóirí a n-éiríonn leo an dréacht-chomhaontú deontais i mí Eanáir 2027 lena shíniú. Féadfar an comhaontú deontais a shíniú le síniú leictreonach cáilithe (QES) arna iarraidh sin. Tar éis don chomhaontú a bheith sínithe, íocfar an réamh-mhaoiniú i gcomhréir leis an sceideal in Airteagal I.5. de.

J. SONRAÍ PEARSANTA A NOCHTADH AGUS A PHRÓISEÁIL

29. Foilseoidh Parlaimint na hEorpa agus an tÚdarás, lena n-áirítear ar an idirlíon, faisnéis de bhun Airteagal 39 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2025/2445.

30. Déanfar aon sonraí pearsanta a bhaileofar i gcomhthéacs an ghlao seo a phróiseáil de bhun Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([12]) agus de bhun Airteagal 40 de Rialachán (AE. Euratom) Uimh. 2025/2445.

31. Déanfar na sonraí sin a phróiseáil chun meastóireacht a dhéanamh ar na hiarratais ar chistiú agus chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Tá an méid sin gan dochar d'aistriú féideartha na sonraí sin chuig na comhlachtaí atá freagrach as cúraimí fíorúcháin agus iniúchóireachta a chur i gcrích i gcomhréir le dlí an Aontais, cosúil le seirbhísí iniúchóireachta inmheánacha de chuid Pharlaimint na hEorpa, an Údaráis, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, nó na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF).

32. Ar bhonn iarratas i scríbhinn, féadfaidh aon duine nádúrtha a bhaineann leis an tairbhí rochtain a fháil ar a shonraí pearsanta nó ar a sonraí pearsanta agus aon sonraí míchruinne nó neamhiomlána a cheartú. Féadfar an t-iarratas maidir le próiseáil a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta a chur faoi bhráid Ard-Stiúrthóireacht Airgeadais Pharlaimint na hEorpa nó Oifigeach Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa. Féadfaidh an duine lena mbaineann, tráth ar bith, gearán a chur faoi bhráid an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí maidir le próiseáil a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta.

33. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa sonraí pearsanta a chlárú sa Chóras Luathbhraite agus Eisiaimh i gcás ina mbeadh an tairbhí i gceann de na staideanna a luaitear in Airteagal 138(1) agus in Airteagal 143 den Rialachán Airgeadais.

K. FAISNÉIS EILE

34. Ba cheart aon cheisteanna a bhaineann leis an nglao seo a sheoladh trí ríomhphost, agus tagairt an fhoilseacháin á lua, chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas: fin.part.fond.pol@europarl.europa.eu

35. Tá an reachtaíocht bhunúsach a shonraítear i mír6(b)den ghlao seo agus an comhad iarratais ar chistiú ar fáil ar shuíomh gréasáin Pharlaimint na hEorpa (http://www.europarl.europa.eu/tenders/invitations.htm).

([12]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

IARSCRÍBHINN

AN FHOIRM IARRATAIS AR CHISTIÚ

Chuig Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

f/ch Didier Kléthi, Ard-Stiúrthóir Airgeadais

Tá [cuir isteach ainm an iarratasóra], arna ionadú go dlíthiúil ag [cuir isteach ainm an ionadaí/na n-ionadaithe] ag déanamh iarratais leis seo ar chistiú don bhliain airgeadais 2027 faoi ghlao Uimh. IX-2027/02 ar [cuir isteach an méid], agus ag deimhniú go bhfuil na doiciméid seo a leanas á gcur ar fáil leis an iarratas.

Uimh.	Doiciméid atá le soláthar ([1])	Tá / n. b.
1.	Litir ó ionadaí dlíthiúil nó ó ionadaithe dlíthiúla lena ndeimhnítear an t-údarú oibleagáidí dlíthiúla a ghlacadh air féin nó orthu féin thar ceann an iarratasóra	
2.	Liosta de na daoine a bhfuil cumhachtaí ionadaíochta, cinnteoireachta nó rialaithe acu ar an eagraíocht is iarratasóir, amhail an tUachtarán, comhaltaí an Bhoird, an tArd-Rúnaí, an Cisteoir, lena n-áirítear tagairt de na forálacha ábhartha de Reachtanna an iarratasóra	
3.	Cruthúnas go bhfuil sé cláraithe leis an Údarás um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus um Fhondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha ar dháta an iarratais ar chistiú (i gcás iarratasóirí nach bhfuil an cinneadh maidir lena gclárú ar fáil go poiblí go fóill, i.e. nár foilsíodh fós ar shuíomh gréasáin an Údaráis ná san Iris Oifigiúil é agus ina gcás sin amháin)	
4.	Clár oibre mionsonraithe ina leagtar amach gníomhaíochtaí arna n-aicmiú mar chomhdhálacha, seimineáir, foilseacháin, etc. Áirítear i ngach catagóir sonraí ar leith cosúil le hábhar, amlíne, ionad ainmnithe (cathair agus/nó tír), agus lucht féachana nó rannpháirtithe beartaithe.	
5.	Dearbhú ón ionadaí dlíthiúil maidir leis na sonraí bainc, lena n-áirítear foirm aitheantais airgeadais arna comhlánú go cuí (i gcás iarratasóir nua NÓ iarratasóirí ar tharla athrú ar a n-ainm, ar a seoladh nó ar an gcuntas bainc ina leith i gcomparáid leis an gcleachtadh roimhe sin)	
6.	Dearbhú maidir le téarmaí agus coinníollacha ginearálta agus le critéir eisiaimh	
7.	Buiséad measta	
8.	Dearbhú go bhfuil an t-iarratas ar chistiú á chur isteach tríd an bpáirtí polaitiúil Eorpach lena bhfuil an t-iarratasóir cleamhnaithe go foirmiúil	

([1]) Cuirtear teimpléid ar fáil ar shuíomh gréasáin PE le haghaidh mhíreanna 2, 5, 6, 7 agus 8 (https://www.europarl.europa.eu/contracts-and-grants/ga/list-of-notices/).

Iarann [cuir isteach ainm an iarratasóra] go ndéanfar an cistiú a íoc [mar aon íocaíocht amháin an LL.MM.2027 / laistigh de 30 lá tar éis dháta theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe] NÓ [ina 4 thráthchuid laistigh de 30 lá tar éis dháta theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe, i mí Aibreáin 2027, i mí Iúil 2027 agus an chuid eile i mí Dheireadh Fómhair 2027].

Dáta agus áit: Arna Shíniú: